CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

# TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FAISNÉIS A FHOILSIÚ A BHAINEANN LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAIRME OIFIGEACH SINSEARACH TAR ÉIS DÓIBH AN tSEIRBHÍS A FHÁGÁIL

***An tríú agus an ceathrú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne***

## Tuarascáil bhliantúil 2021

## 1. An creat rialála

Faoi Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil, bíonn oifigigh fós faoi cheangal iad féin a iompar le hionracas agus le discréid a mhéid a bhaineann le glacadh le ceapacháin áirithe nó le sochair áirithe. Ní mór d'iaroifigigh a bhfuil sé ar intinn acu a bheith ag gabháil do ghníomhaíocht ghairme laistigh de dhá bhliain tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil an institiúid a raibh siad ann a chur ar an eolas faoi sin, ionas gur féidir leis an institiúid a chinneadh an bhfuil an ghníomhaíocht sin le toirmeasc nó an dtabharfar cead dóibh an ghníomhaíocht sin a dhéanamh (faoi réir srianta, i gcás inarb iomchuí).

Forálann an tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne go ndéanfaidh an t-údarás ceapacháin, i bprionsabal, toirmeasc a chur ar iaroifigigh shinsearacha, le linn an 12 mhí tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil, a bheith ag gabháil do bhrústocaireacht nó tathant ar fhoireann na hinstitiúide a raibh siad ann le haghaidh a ngnó, a gcliant nó a bhfostóirí ar ábhair a raibh siad freagrach astu le linn na dtrí bliana deireanacha sa tseirbhís dóibh.

Cuireann an ceathrú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne de cheangal ar gach institiúid i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faisnéis a fhoilsiú go bliantúil maidir le cur chun feidhme an tríú fomhír, lena n-áirítear liosta de na cásanna a ndearnadh measúnú orthu.

Tugann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ('an Chúirt') míniú anseo thíos ar na critéir a chuireann sí i bhfeidhm chun cur chun feidhme a cuid oibleagáide a áirithiú agus déanann sí a hanailís a chur i láthair. Sa teachtaireacht seo, tugann an Chúirt achoimrí ar na cinntí gaolmhara atá déanta.

Tá an Chúirt ag bunú nochtadh na faisnéise ar an gceathrú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, arna léamh in éineacht le Rialachán (AE) 2018/1725.

[1] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

## 2. Critéir a chuirtear i bhfeidhm i gcás chur chun feidhme an tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne

**Sainmhíniú ar oifigigh shinsearacha**

I gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, seo a leanas iad na catagóirí foirne atá i gceist:

- An tArdrúnaí
- Stiúrthóirí
- Comhairleoirí speisialta
- Ceannasaithe oifigí príobháideacha na gComhaltaí[2]

**Tréimhse lena mbaineann**

Tagraíonn an tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne do ghníomhaíocht sheachtrach a dhéanann iaroifigigh shinsearacha 'le linn an 12 mhí tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil'.

Dá bhrí sin, is í sin an tréimhse a chuirtear san áireamh don nochtadh faisnéise a cheanglaítear a dhéanamh sa cheathrú mír d'Airteagal 16.

**Na gníomhaíochtaí gairme lena mbaineann**

Tagraíonn an tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne do ghníomhaíochtaí arb ionann iad agus brústocaireacht nó tathant ar fhoireann na hinstitiúide ina raibh iaroifigigh shinsearacha le haghaidh a ngnó, a gcliant nó a bhfostóirí ar ábhair a raibh siad freagrach astu le linn na dtrí bliana deireanacha sa tseirbhís dóibh. Tá na gníomhaíochtaí sin, i bprionsabal, le toirmeasc ag an údarás ceapacháin le linn an 12 mhí tar éis do na hoifigigh shinsearacha an tseirbhís a fhágáil.

Ní hiad na ceapacháin lena mbaineann brústocaireacht nó tathant mar chroíghníomhaíochtaí, agus iadsan amháin, a scrúdaíonn an Chúirt. I gcomhthéacs an tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, breithníonn sí freisin gníomhaíochtaí a bhféadfadh sé, go teoiriciúil, go mbeadh brústocaireacht nó tathant i gceist leo sa todhchaí fiú mura bhfuil sé sin i gceist leo ag an tráth a gcuirtear isteach an dearbhú.

San fhaisnéis a chuirtear i láthair anseo thíos, ní chlúdaítear dearbhuithe a fuarthas i ndáil le gníomhaíocht nach bhfuil, de réir nádúr na gníomhaíochta, aon bhrústocaireacht nó tathant i gceist léi.
Ar shuíomh gréasáin na Cúirte, foilsíonn an Chúirt faisnéis (Trédhearcacht - an leathanach gréasáin dar teideal 'Eitic') maidir le cur i bhfeidhm an tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, lena n-áirítear liosta de na gníomhaíochtaí gairme atá measúnaithe ag an údarás ceapacháin agus ainmneacha na n-iaroifigeach sinsearach lena mbaineann.

Foilsítear tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme an tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne maidir leis na gníomhaíochtaí gairme a formheasadh le linn na bliana céanna.

**Nós imeachta cinnteoireachta maidir leis an tríú mír d'Airteagal 16**

Caitear ar an gcaoi chéanna le dearbhuithe maidir le gníomhaíochtaí gairme ag oifigigh shinsearacha tar éis dóibh an Chúirt a fhágáil agus mar a chaitear le haon dearbhú maidir le gníomhaíocht ghairme sheachtrach a bhíonn ar siúl ag iarbhaill foirne.

---

[2] An 1 Meán Fómhair 2017, rinneadh an sainmhíniú ar oifigigh shinsearacha a leathnú ionas go gcuimseodh sé ceannasaithe na n-oifigí príobháideacha; ní raibh siad san áireamh roimh an dáta sin.

Is í an Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta a fhaigheann an dearbhú. Má tá nasc féideartha díreach nó indíreach idir an ghníomhaíocht agus na dualgais a bhí ar an iaroifigeach sinsearach le linn na dtrí bliana deireanacha a chaith an t-iaroifigeach ag an gCúirt, nó má tá nasc idir an ghníomhaíocht sin agus an obair a bhí ar siúl ag an tseirbhís a raibh an t-iaroifigeach ann nó obair na Cúirte, iarrann an Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta ar an roinn nó na ranna a raibh an t-iaroifigeach ann nó iontu agus ar an tSeirbhís Dlí tuairim a thabhairt. Nuair is gá, téitear i gcomhairle leis an gComhchoiste freisin. Is bunaithe ar na tuairimí éagsúla sin a ghlacann an t-údarás ceapacháin a chinneadh críochnaitheach.

**An líon gníomhaíochtaí lena mbaineann**

Á cur san áireamh go bhféadfadh gach fógra (agus dá réir sin, gach cinneadh) tagairt do níos mó ná aon ghníomhaíocht amháin, tá an fhaisnéis atá anseo thíos miondealaithe de réir na ngníomhaíochtaí a scrúdaíodh, ionas go dtugtar forléargas uileghabhálach.

## 3. Cásanna sonracha

Baineann an teachtaireacht seo le gníomhaíochtaí a dhearbhaigh iaroifigigh agus a rinne siad go deimhin ina dhiaidh sin.

In 2021, d'fhág iaroifigeach sinsearach amháin an Chúirt. Dhearbhaigh sé nach raibh sé ar intinn aige a bheith ag gabháil do ghníomhaíocht ghairme.

**Deireadh seirbhíse: 30.6.2021**

**Iaroifigeach**
*Isidoro Rodriguez de las Parras*
*Stiúrthóir gníomhach sa Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta*
**Gníomhaíocht nua**
N/B
**Cinneadh**
N/B